



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0337(NLE)**

**13532/23
ADD 6**

**ACP 87
WTO 143
COAFR 323
RELEX 1100**

TOGRA

| | |
|---------------------------|--|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 559 final - IARSCRÍBHINN 6 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 559 final - IARSCRÍBHINN 6.

Faoi iamh: COM(2023) 559 final - IARSCRÍBHINN 6



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2023
COM(2023) 559 final

ANNEX 6

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile

IARSCRÍBHINN VI

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó PHOBLACHT NA CÉINIA (AN CHÉINIA) MAIDIR LE COMHAR EACNAMAÍOCH AGUS FORBARTHA FAOIN gCOMHAONTÚ SEO

An tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Chéinia, den pháirt eile, dá ngairtear ‘na Páirtithe’ anseo feasta chun críocha an Dearbhaithe Chomhpháirtigh seo.

Aontaíonn na Páirtithe go bhfuil feidhm ag na prionsabail agus ag na nósanna imeachta seo a leanas maidir leis an gComhaontú seo.

1. Cuireann na Páirtithe béim mhór ar chur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe seo agus ar an gcaidreamh leanúnach trádála agus forbartha eatarthu. Tá caidreamh táirgiúil idir na Páirtithe agus tá siad ag tnúth leis an gcaidreamh sin a fhorbairt a thuilleadh faoin gComhaontú seo.
2. Admhaíonn na Páirtithe go ndéanfar Cuid V den Chomhaontú seo maidir le Comhar Eacnamaíoch agus Forbartha a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Comhaontú Cotonou nó lena chomhaontú comharba. Aontaíonn na Páirtithe gur i gcas aon neamhréir idir forálacha Chuid V (‘Comhar Eacnamaíoch agus Forbartha’) den Chomhaontú seo agus Comhaontú Cotonou nó a chomhaontú comharba, go mbeidh forlámhas ag forálacha Chomhaontú Cotonou nó a chomhaontaithe comharba. Ní bheidh feidhm ag aon fhoráil atá ar neamhréir leis an méid thuas.

3. Admhaíonn na Páirtithe tacaíocht an Aontais don fhorbairt ar fud réimse leathan earnálacha, agus athdhearbhaíonn siad go bhfuil siad tiomanta don fhorbairt riailbhunaithe agus inbhuanaithe. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht luachbhunaithe agus iontaofa seo borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus obair chuibhiúil do chách maille le haistriú glas ionchuimsitheach a chur chun cinn i réimse an digitithe, na haeráide, an fhuinnimh agus an iompair le tacaíocht ó infheistíochtaí cliste glana slána ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon.

- (a) I gcomhréir le Comhpháirtíocht Busan maidir le Comhar um Forbairt Éifeachtach arna dhéanamh in Busan an 1 Nollaig 2011, aontaíonn na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, úsáid a bhaint as sásraí seachadta, cistí nó saoráidí atá faoi úinéireacht náisiúnta nó réigiúnach, agus tacú leo, chun acmhainní a threorú agus a chomhordú ar mhaithe le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.
- (b) Aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh roinnt dúshlán eascairt ó chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear mar gheall ar thionchar na dtaraifí laghdaithe, agus is trí ghníomhaíochtaí comhair eacnamaíoch agus forbartha a dhéanfaidh an tAontas, i measc nithe eile, atá siad le réiteach. Idir an dá linn, aontaíonn na Páirtithe nach mbeidh aon chúiteamh airgeadais speisialta ón Aontas agus nach bhfuil feidhm ag an gcreat cúitimh idir na Páirtithe. Mar sin féin, féadfar an tsaincheist sin a mholadh lena athbhreithniú i gComhairle CCE arna iarraidh sin don Chéinia.

- (c) Aontaíonn na Páirtithe nach mbeidh feidhm ag na forálacha a bhaineann leis an Maitrís agus an Tagarmharc sa Chomhaontú seo agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis. Mar sin féin, aontaíonn na Páirtithe gur féidir an Mhaitrís, nó codanna de, a chur i bhfeidhm nó aithis a dhéanamh air a mhéid is infheidhme agus tosaíochtaí agus tagarmharcanna infheistíochta na bPáirtithe féin á gcur san áireamh.
 - (d) Aontaíonn na Páirtithe nach bhfuil feidhm eatarthu ag na forálacha a bhaineann le Ciste CCE, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann lena bhunú agus lena bhainistiú.
 - (e) Aontaíonn na Páirtithe nach bhfuil aon oibleagáid airgeadais ar cheachtar Páirtí i gceist leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear tagairtí do bhuiséad an Aontais, don Chiste Eorpach Forbraíochta, do Chomhaontú Cotonou ná dá chomhaontú comharba.
-